

## Turas Foghlama an Scoláire

### An 1ú Bhliain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

### An 2ú Bliain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

#### Measúnú Rangbhunaithe 1

*Eolaíocht an Adhmaid inár dTimpeallacht*

Bíonn múinteoirí páirteach i gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

#### Measúnú Rangbhunaithe 2

*Féin-Anailís agus Measúnú*

Bíonn múinteoirí páirteach i gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Scrúdú CSS  
Tionscadal – 70%

Scrúdú Scríofa – 30%

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

## Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

Is suíomh é seo de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) áit ar féidir teacht ar phríomhdhoiciméid amhail Sonraíocht ábhair do Theicneolaíocht an Adhmaid agus Treoirínte Measúnaithe do Theicneolaíocht an Adhmaid.

[www.jct.ie](http://www.jct.ie)

Is é seo an suíomh do sheirbhís tacaíochta scoileanna an SSM. Bunaíodh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí chun múinteoirí a spreagadh, tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus iad a chumasú chun oideachais na sraithe sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn. Chun tuilleadh eolais a fháil ar Theicneolaíocht an Adhmaid, tabhair cuairt le do thoil ar an suíomh ábhair s'againn



Bain úsáid as an **gcód MF** chun dul díreach chuig [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



Lean sinn ar Twitter @jct4ed

Scannadh dom

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
for teachers



An tSraith Shóisearach Eolas ar an Teicneolaíocht Adhmaid



Lean sinn ar Twitter @JCT4ed


[www.jct.ie](http://www.jct.ie)



## Teicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí

I dTeicneolaíocht an Adhmaid, fiosróidh scoláirí an domhan nádúrtha agus saorga trí mheán an dearaidh, agus lorgóidh siad deiseanna chun an t-ábhar/acmhainn a úsáid go cruthaitheach agus go nuálach chun a dtimpeallacht a thógáil agus a mhúnlú. Tá tábhacht le húsáid inbhuanaithe agus le bainistíocht na hacmhainne nádúrtha seo agus muid ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin an 21ú haois.

### Struchtúr na Sonraíochta



Is thar thrí shnáithe— **Prionsabail agus Cleachtais**, **Smaointeoireacht an Deartha** agus **Eolaíocht an Adhmaid agus Ábhair** a rachaidh scoláirí i dtaití ar an bhfoghlaim. Síos trí gach ceann de na snáitheanna seo, agus úsáid á baint as na ceithre ghné: **Pleanáil agus bainistíocht**, **Cumarsáid a Dhéanamh**, **Cruthú**, agus **an Timpeallacht agus inbhuanaitheacht**, cruthaítear creat le haghaidh foghlaim scoláirí a chinntíonn eispéireas leanúnach foghlama.

## Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an **eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna** a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar Theicneolaíocht an Adhmaid sa tSraith Shóisearach. Tá ocht dtoradh foghlama is tríocha roinnte thar na trí shnáithe i dTeicneolaíocht an Adhmaid mar a mhínítear i struchtúr na sonraíochta.

### Eispéiris Foghlama

Beidh an foghlaim san ábhar seo gníomhach agus scoláire-láraithe agus beidh foghlaimeoirí ag comhoibriú chun teacht ar an eolas faoi mhaoirseacht shábháilte sheomra ranga na Teicneolaíochta Adhmaid. Trí na dúshláin a thagann le fealsúnacht dhearadh-bhunaithe an ábhair, forbróidh scoláirí an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna cuí chun na smaointe a thabhairt ón mbunsmaoineamh go dtí a fhiórú ar bhealach a ligeann dóibh a bheith léiritheach, cruthaitheach agus nuálach.

### Measúnú leanúnach

Cuirfidh measúnú i dTeicneolaíocht an Adhmaid an deis is fearr ar fáil do scoláirí a bheith ina rannpháirtithe machnamhacha agus gníomhacha ina gcuid foghlama agus beidh faill ag múinteoirí tacú leo sa mhéid sin. Tá trí phríomhphointe measúnaithe le fáil sa dara agus sa tríú bliain.

### Measúnú Rangbhunaithe 1: Eolaíocht an Adhmaid inár dTimpeallacht

- Curtha i gcrích laistigh de thréimhse trí seachtaine i dtéarma a haon den dara bliain
- Déanfaidh scoláirí saincheist a bhaineann le heolaíocht an adhmaid a fhiosrú nó a thaighde laistigh de chomhthéacs áitiúil / domhanda agus cuirfidh siad a gcuid torthaí féin ar an gceist i láthair.
- Is féidir le scoláire a chuid torthaí a chur in iúl trí mheán ar bith a oireann
- Déantar é a thairfead ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Student Féin-Anailís agus Measúnú

- Curtha i gcrích laistigh de thréimhse trí seachtaine i dtéarma a haon den tríú bliain
- Déanfaidh scoláirí anailís ar a gcuid obair chúrsa agus ar a gcuid scileanna go dtí seo i dTeicneolaíocht an Adhmaid
- Beifear ag súil le scoláirí a gcuid láidreachtaí agus na réimsí atá le feabhsú acu a aithint agus go gcuirfidh sé sin bonn eolais faoina gcuid pleanála agus cinnit don tionscadal
- Déantar é a thairfead ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

I ndiaidh gach Measúnaithe Rangbhunaithe (MRB) a chur i gcrích, bíonn múinteoirí rannpháirteach i gcruinniú Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) chun foghlaim scoláirí a phlé agus chun cleachtas éifeachtach a roinnt. Déanann múinteoirí measúnú ar an dá MRB agus leas á bhaint acu as Gnéithe Cáilíochtaí mar atá leagtha amach sna Treoirínte Measúnaithe atá curtha ar fáil ag gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM).

### Tionscadal agus scrúdú deiridh

Nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích, tabharfaidh na scoláirí faoi thionscadal. Críochnaítear an tionscadal i ndiaidh an dara MRB sa tríú bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocraíonn an treoir dhearaidh le haghaidh an tionscadail agus a mharcálann é. Is fiú **70%** de ghrád deiridh an CSS an tionscadal agus is ar an scrúdú scríofa a bhronnfar an **30%** eile.

### ETIM (STEM)

Is mór a chuireann Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) leis na hathruithe sa teicneolaíocht agus sa tsochaí i ndomhan seo ár linne. Cothaíonn agus spreagann Teicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí cuir chuige ETIM (STEM) i leith na foghlama, scileanna agus meonta.

